Leibhéal B2
Topaic 5: Cúrsaí oibre agus fostaíochta

Bileog 5.1, Bileog 5.1a agus Bileog 5.1b

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Bileog 5.1** ar gach duine sa rang.
- *Cúrsaí oibre – Stór focal*: Tabhair deis do gach beirt ransú intinne a dhéanamh ar an stór focal a bhaineann le cúrsaí oibre faoi na teidil sna ciorcail. Tá samplaí ann le cuidiú leo. Pléigh thusa na focail ar fad nuair atá tamall maith caite acu agus go leor focal acu. Mar shampla:

  Oideachas: múinteoir, scoil, ollscoil, léachtóir, teagascóir, rúnaí.
  Déantúsaíocht: monarcha, táirge, táirgeacht, líne tháirgthe, obair láimhe, fostaí.
  Cultúr: scríbhneoir, iriseoir, file, raidió, teilifís, na meáin chumarsáide, iarsmalann, amharclann.
  Teicneolaíocht: ríomhairí, teicneolaíocht faisnéise, comhlacht idirlín, an gréasán domhanda.

- *Cúrsaí oibre – An tasc*: Tabhair cóip de **Bileog 5.1a** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 5.1b** don duine eile agus abair leo go mbeidh na bileoga seo ag teastáil uatha leis an tasc a dhéanamh. Léigh tríd na treoracha leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh. Mínigh arís dóibh gur léachtóir duine amháin acu agus bainisteoir margaíochta an duine eile. Caithfidh siad an cur síos ar a láthair oibre a léamh agus a bheith in ann cur síos (achoimre) a dhéanamh air. Caithfidh siad, chomh maith, smaoineamh ar na dualgais a bheadh sna poist áirithe agus na buntáistí / míbhuntáistí sna poist sin a phlé le chéile. Bí thusa ag siúl thart le cuidiú a thabhairt dóibh. Nuair atá an ghníomhaíocht déanta acu iarr ar dhaoine áirithe cur síos a dhéanamh os comhair an ranga ar an phost. Ceartaigh botúin ar bith a thagann chun cinn.
- *Cúrsaí oibre – Plé*: Tabhair deis do gach duine na pointí a chur in ord tábhachta, ansin iarr orthu na pointí a chur i gcomparáid leis an duine in aice leo. Caithfidh siad teacht ar chomhréiteach ar na trí phointe is tábhachtaí. Pléigh na pointí leis an rang ar fad nuair a bheas siad críochnaithe.
- *Cúrsaí oibre – Tú féin*: Gníomhaíocht scaoilte í seo, agus deis atá ann do na foghlaimeoirí an stór focal a úsáideadh go dtí seo a chur i bhfeidhm ina gcuid cainte faoi chúrsaí oibre agus a saol féin.
- ***Cleachtadh breise - Teanga***: Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar na focail a bhfuil líne fúthu sa dá théacs. Caithfidh siad a machnamh a dhéanamh ar cén fáth a bhfuil an séimhiú sna samplaí.

Freagraí 5.1a:

bheoga – mar go bhfuil an focal roimhe baininscneach.
comhthéacs – nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chruthú bíonn séimhiú ar an dara focal.

© CEARTA Nua

dheiseanna – cuirtear séimhiú ar ainmfhocal a leanann an réamhfhocal simplí ‘roimh’.
Sean-Ghaeilge - nuair a thagann dhá fhocal le chéile chun comhfhocal a chruthú bíonn séimhiú ar an dara focal.
Cheilteacha – cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal a chríochnaíonn le consan caol san iolra.
chultúr – leanann séimhiú an réamhfhocal simplí ‘sa’.

Freagraí 5.1b:

mhargadh – leanann séimhiú ‘den’.
thaca – cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann an réamhfhocal simplí ‘mar’.
dhaoine - cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann an réamhfhocal simplí ‘do’.
shainiúil – tá an t-ainmfhocal roimhe baininscneach, mar sin cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann é.
cheann - leanann séimhiú an réamhfhocal simplí ‘ar’.
chroí – an aidiacht shealbhach, an dara pearsa, firinscneach.

Bileog 5.2a agus Bileog 5.2b

- Scaip **Bileog 5.2a** ar an rang agus cuir gach beirt ina suí le chéile.
- *Cúrsaí oibre – Stór focal*: Tabhair deis do gach beirt Gaeilge a chur ar na habairtí anseo. Mínigh dóibh go mbeidh na habairtí seo úsáideach agus iad ag tabhairt comhairle sa tasc ar ball.

***Freagraí*:**

- I don't think you should work so hard.: *Ní dóigh liom gur cheart duit a bheith ag obair chomh crua.*
- You ought to work less.: *Ba cheart duit níos lú oibre a dhéanamh.*
- You need to cut down on your hours: *Caithfidh tú (ní mór duit) gearradh siar ar do chuid uaireanta.*
- If I were you, I'd work less.: *Dá mbeinnse tusa, d’oibreoinn níos lú uaireanta an chloig.*
- If I were in your shoes, I'd work less.: *Dá mbeinnse i d’áitse, ní oibreoinn an oiread céanna uaireanta.*
- You shouldn't work so hard.: *Níor cheart duit a bheith ag obair chomh crua sin.*
- Whatever you do, don't work so hard.: *Cibé rud a dhéanfaidh tú, ná bí ag obair chomh crua.*
- *Cúrsaí oibre – An modh coinníollach*: Iarr orthu ansin na briathra sa liosta a chur sa mhodh coinníollach.

©OE Má Nuad

Freagraí:

Dún	*Cuir*	*Dóigh*
dhúnfainn	chuirfinn	dhófainn
dhúnfá	chuirfeá	dhófá
dhúnfadh sé/sí	chuirfeadh sé/sí	dhófadh sé/sí
dhúnfaimis	chuirfimis	dhófaimis
dhúnfadh sibh	chuirfeadh sibh	dhófadh sibh
dhúnfaidís	chuirfidís	dhófaidís
dhúnfaí	chuirfí	dhófaí

Sábháil	*Ceannaigh*	*Imigh*
shábhálfainn	cheannóinn	d'imeoinn
shábhálfá	cheannófá	d'imeofá
shábhálfadh sé/sí	cheannódh sé/sí	d'imeodh sé/sí
shábhálfaimis	cheannóimis	d'imeoimis
shábhálfadh sibh	cheannódh sibh	d'imeodh sibh
shábhálfaidís	cheannóidís	d'imeoidís
shábhálfaí	cheannófaí	d'imeofaí

Cosain	*Foghlaim*	*Freastail*
chosnóinn	d'fhoghlaimeoinn	d'fhreastalóinn
chosnófá	d'fhoghlaimeofá	d'fhreastalófá
chosnódh sé/sí	d'fhoghlaimeodh sé/sí	d'fhreastalódh sé/sí
chosnóimis	d'fhoghlaimeoimis	d'fhreastalóimis
chosnódh sibh	d'fhoghlaimeodh sibh	d'fhreastalódh sibh
chosnóidís	d'fhoghlaimeoidís	d'fhreastalóidís
chosnófaí	d'fhoghlaimeofaí	d'fhreastalófaí

- Téigh siar ar na briathra leis an rang ar fad ansin agus bí cinnte go bhfuil an leagan ceart de na briathra ag na foghlaimeoirí.
- Tabhair seans do gach beirt na ceisteanna 1-4 a dhéanamh ina mbeirteanna.

Freagraí:

(1) Cuirtear ‘d’ ar thús briathair a thosaíonn le guta nó le **f** sa mhodh coinníollach. Féach na briathra **imigh / foghlaim / freastail** thuas.

© Ó Fá Ma Nuad

(2) Leanann urú **dá** sa mhodh coinníollach, mar shampla: Dá ndéanfá / dá bhfaighinn / dá rachfá / dá n-íosfainn.
(3) Baintear úsáid as an mhodh coinníollach sa Ghaeilge chun mianta nó coinníollacha a chur in iúl san aimsir fháistineach, nó chun *would* nó *should* an Bhéarla a chur in iúl.
(4) Féach thíos:

Bí	*Abair*	*Beir*
bheinn	déarfainn	bhéarfainn
bheifeá	déarfá	bhéarfá
bheadh sé/sí	déarfadh sésí	bhéarfadh sé/sí
bheimis	déarfaimis	bhéarfaimis
bheadh sibh	déarfadh sibh	bhéarfadh sibh
bheidís	déarfaidís	bhéarfaidís
bheifí	déarfaí	bhéarfaí
Clois	*Déan*	*Faigh*
chloisfinn	dhéanfainn	gheobhainn
chloisfeá	dhéanfá	gheofá
chloisfeadh sé/sí	dhéanfadh sé/sí	gheobhadh sé/sí
chloisfimis	dhéanfaimis	gheobhaimis
chloisfeadh sibh	dhéanfadh sibh	gheobhadh sibh
chloisfidís	dhéanfaidís	gheobhaidís
chloisfí	dhéanfaí	gheofaí

Feic	*Ith*	*Tabhair*
d'fheicfinn	d'íosfainn	thabharfainn
d'fheicfeá	d'íosfá	thabharfá
d'fheicfeadh sé/sí	d'íosfadh sé/sí	thabharfadh sé/sí
d'fheicfimis	d'íosfaimis	thabharfaimis
d'fheicfeadh sibh	d'íosfadh sibh	thabharfadh sibh
d'fheicfidís	d'íosfaidís	thabharfaidís
d'fheicfí	d'íosfaí	thabharfaí
Tar	*Téigh*	
thiocfainn	rachainn	
thiocfá	rachfá	
thiocfadh sé/sí	rachadh sé/sí	
thiocfaimis	rachaimis	
thiocfadh sibh	rachadh sibh	
thiocfaidís	rachaidís	
thiocfaí	rachfaí	

© OÍF Má Nuad

- Téigh siar ar na ceisteanna agus freagraí (dearfach agus diúltach) ar na briathra neamhrialta sa mhodh coinníollach leo ansin:

  An mbeifeá? Bheinn / ní bheinn
  An ndéarfá? Déarfainn / ní déarfainn.
  An mbéarfá? Bhéarfainn / ní bhéarfainn
  An gcloisfeá? Chloisfinn / ní chloisfinn
  An ndéanfá? Dhéanfainn / ní dhéanfainn
  An bhfaighfeá? Gheobhainn / ní bhfaighinn
  An bhfeicfeá? D'fheicfinn / ní fheicfinn
  An n-íosfá? D'íosfainn / ní íosfainn
  An dtabharfá? Thabharfainn / ní thabharfainn
  An dtiocfá? Thiocfainn / ní thiocfainn.
  An rachfá? Rachainn / ní rachainn

- Déan sraith de na cártaí ar **Bileog 5.2b** a chóipeáil do gach grúpa sa rang (e.g. má tá sé i gceist agat ceithre ghrúpa a bheith agat sa rang, déan ceithre chóip de na cártaí ar fad).
- Gearr na cártaí agus cuir gach sraith cártaí isteach i gclúdach litreach. Bíodh clúdach litreach amháin ann do gach grúpa.

Sa rang: Rialacha an chluiche

- Roinn an rang i ngrúpaí. Bíodh idir triúr agus cúigear i ngach grúpa, ag brath ar cé mhéad duine atá sa rang. Mínigh rialacha an chluiche seo go cúramach dóibh.

  - Tógfaidh an chéad duine sa ghrúpa cárta as an chlúdach litreach. Caithfidh sé/sí an fhadhb ar an chárta a léamh amach do gach duine eile sa ghrúpa.
  - Caithfidh gach duine sa ghrúpa comhairle a thabhairt don duine a bhfuil an 'fhadhb/cárta' aige nó aice.
  - I ndiaidh dó nó di éisteacht leis an chomhairle ar fad roghnóidh sé/sí an chomhairle is fearr agus tabharfaidh sé/sí an cárta don duine sin. Is fiú pointe amháin an cárta.
  - Tógfaidh an dara duine sa ghrúpa cárta as an chlúdach ansin agus tarlóidh an rud céanna, ansin an tríú duine, etc.
  - Beidh an bua ag an duine a mbeidh an líon is mó pointí aige/aici ag deireadh an chluiche.

- Bí thusa ag siúl thart i rith an chluiche le cuidiú leo.
- Pléigh na cártaí leis an rang ar fad.

Bileog 5.3a agus Bileog 5.3b

- Scaip **Bileog 5.3a** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le mír nuachta ar ball.

© CÉF Má Nuad

- *Cúrsaí fostaíochta – Stór focal*: Iarr ar na foghlaimeoirí an Ghaeilge ar an stór focal a fháil.

Freagraí:

Credit Crunch:	***géarchor creidmheasa***
Unemployment:	***dífhostaíocht***
Redundancy:	***iomarcaíocht***
To wind up:	***foirceann***
Recession:	***cúlú eacnamaíochta***
Lay off:	***scaoil le***
On the dole:	***ar an dól***
To fire someone:	***bata agus bóthar a thabhairt do dhuine***
To resign:	***éirigh as***
Wage(s):	***turasta(i)l***
Union:	***ceardchumann***
Employer(s):	***fostóir(í)***
Employee(s):	***fostaí(aithe)***
Staff:	***foireann***
Management:	***bainistíocht***
Unfair dismissal:	***dífhostú éagórach***

- *Cúrsaí fostaíochta – Éisteacht*: Cuir an mhír ar siúl uair amháin agus abair leo na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna. Pléigh na ceisteanna leis an rang agus cuir an mhír ar siúl uair amháin eile.
- *Cúrsaí fostaíochta – Léamh*: Abair le gach triúr an script a léamh amach os ard le chéile agus teanga na míre a phlé le chéile – is é sin, plé a dhéanamh ar an teanga ghonta agus oifigiúil atá sa script. Seo thíos cuid de na pointí:

  - *Abairtí gonta.*
  - *Athrá.*
  - *Téarmaíochta faoi leith.*
  - *An teanga lom, gan a lán aidiachtaí agus araile.*

- Scaip **Bileog 5.3b** ar an rang agus cuir gach beirt ag obair le chéile.
- *Cúrsaí fostaíochta – Scríobh*: Tabhair tamall do gach beirt scéalta a chumadh a bheadh oiriúnach do na ceannteidil tugtha. Tar éis tamaill iarr ar dhaoine éagsúla a scéalta a léamh amach os ard. Téigh siar ar aon cheist faoi ghramadach nó stór focal a tháinig chun cinn.
- *Cúrsaí fostaíochta – Labhairt*: Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar agus cuir gach grúpa ag plé na gceisteanna le chéile. Léigh thusa na ceisteanna leis an rang sula gcuirfear tús leis an chaint le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Pléigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí nuair atá tamall maith caite acu á bplé.

Bileog 5.4a agus Bileog 5.4b

© CÉ Má Nuad

- Cuir gach beirt ag obair le chéile arís.
- Tabhair **Bileog 5.4a** do dhuine den bheirt agus **Bileog 5.4b** don duine eile. Mínigh dóibh go bhfuil eolas acu beirt faoi phost atá fógartha, ach gur rólimirt atá ann agus go mbeidh duine B ag cur agallaimh ar dhuine A. Léigh na treoracha ar an dá bhileog agus léigh an fógra leis an rang chomh maith.
- *Cúrsaí fostaíochta – Agallamh*: Tabhair tamall don bheirt ullmhúchán a dhéanamh. Ba cheart go mbeifeá féin ag siúl thart ag an phointe seo le cuidiú a thabhairt dóibh. Nuair a cheapann tú go bhfuil go leor ullmhúcháin déanta acu abair leo an rólimirt a dhéanamh. Faigh aiseolas agus iarr ar bheirt an rólimirt a dhéanamh os comhair an ranga. Ceartaigh aon bhotún a chloiseann tú.

© OÉ Má Nuad